# Cód Iompair

1. Is í an Ghaeilge teanga labhartha an Chumainn. Moltar do chuile bhall cloí le Polasaí Teanga an Chumainn.
2. Ba chóir d'imreoirí, lucht bainistíochta, tuismitheoirí, caomhnóirí agus lucht tacaíochta an Chumainn cloí le rialacha an C.L.G.
3. Caithfidh imreoirí, lucht bainistíochta, tuismitheoirí, caomhnóirí agus lucht tacaíochta an Chumainn cloí le rialacha an Chumainn mar atá i mbunreacht an Chumainn.
4. Ní cheadaítear traenáil ná imirt leis an gCumann gan a bheith cláraithe.
5. Caithfidh imreoirí, lucht bainistíochta, tuismitheoirí, caomhnóirí agus lucht tacaíochta an Chumainn na treoirlínte maidir Cúram Leanaí atá ar fáil ag www.gaa.ie/clubzone/child-welfare-and-protection a leanacht.
6. Caithfidh imreoirí, lucht bainistíochta, tuismitheoirí, caomhnóirí agus lucht tacaíochta an Chumainn cloí leis na rialacha atá i gCód Iompar an C.L.G atá ar fáil ag www.gaa.ie/about-the-gaa/publications-and-resources.
7. Ní cheadaítear damáiste a dhéanamh d'fhearais, do gheansaithe nó d'aon mhaoin eile de chuid an Chumainn. Freisin, ní cheadaítear damáiste a dhéanamh d'fhearais, ná d'aon mhaoin phoiblí/phríobháideach.
8. Mura gcloíonn ball de chuid an Chumainn le rialacha an Chumainn, beidh ar an mball dul tríd an bpróiseas fiosrúcháin faoi mar atá sonraithe i mBunreacht an Chumainn.
9. **Bulaíocht**: Tá an Cumann ag iarraidh timpeallacht thacúil a chruthú áit nach nglactar le haon saghas bulaíochta ann. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar sháruithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige.

   **Céard is Bulaíocht ann?** Sainmhínímid bulaíocht mar 'ionsaitheacht leanúnach, bíodh sin i bhfoirm bhéil, shíceolaíoch nó fhisiceach, a dhéanann duine nó grúpa ar dhuine/dhaoine eile'. D'fhéadfadh imreoirí/cóitseálaithe/oiliúnaithe/meantóirí/tuismitheoirí/lucht féachana/daoine mórthimpeall bheith i gceist.

   **Bulaíocht Bhéil**: bagairt iarmhairtí, scaipeadh ráflaí, glaoch ainmneacha, spochadh, ráitis ghnéis/chiníocha/sheicteacha, aird a tharraingt ar chuma fhisiceach nó cumas spóirt duine.

   **Bulaíocht Fhisiceach**: ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur, goid nó scriosadh maoine agus trealaimh.

   **Bulaíocht Mhothúchánach**: neamhaird a dhéanamh, daoine a fhágáil amach agus daoine a fháil i dtrioblóid, iad a fhágáil amach as cluichí, labhairt fúthu taobh thiar dá ndroim, nótaí/litreacha/graifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó teachtaireachtaí gránna a scríobh ar láithreacha gréasáin shóisialta. Inár gcluichí agus ag ár ngníomhaíochtaí d'fhéadfadh daoine difriúla bheith páirteach i dtarluithe bulaíochta.

   **Bulaíocht a Chosc**
   Tá sé mar fhreagracht ar gach duine sa Chumann bulaíocht a chosc nó déileáil le cásanna má tharlaíonn siad. Is é an cur chuige atá againn timpeallacht thacúil a chruthú nach bhfuil sé inghlactha bulaíocht a dhéanamh ann agus ina bhfuil éiteas ag an gCumann go bhfuil sé 'ceart go leor insint' má tá eolas agat ar chásanna bulaíochta.

   Ba chóir d'imreoirí, cóitseálaithe, oiliúnaithe agus lucht féachana inár gCumann:
   - Meas a léiriú ar cheart gach duine imirt agus bheith páirteach i dtimpeallacht atá sábháilte agus slán agus a thugann moladh agus aitheantas

- A chinntiú go gcaitear le gach duine le meas, dínit agus íogaireacht
- A aithint go bhfuil gach duine tábhachtach agus go bhfuilimid ar fad speisialta de bharr ár ndifríochtaí
- Dul i ngleic le gach cineál claontachta agus comhionannas a chur chun cinn
- Cothrom na féinne, iompar measúil agus cinnireacht a mhúnlú

**Má tá imní ort nó má cheapann tú go bhfuil duine éigin ina ábhar, faighteoir nó íospartach bulaíochta laistigh den Chumann ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Leanaí an Chumainn a dhéileálfaidh le do cheist.**

**Nós Imeachta Gearáin**

Is é ár n-aidhm próiséas éifeachtach gearáin a chur i bhfeidhm atá trédhearcach agus cóir agus líomhain curtha i leith Oifigigh, Bainisteora, Traenálaí, Baill (imreoir nó ball nach n-imríonn) nó duine de lucht tacaíochta an Chumainn.

Molann an Cumann go ndéanfadh an té atá ar tí gearán a dhéanamh iarracht ar dtús an eachtra/an fhadhb a phlé leis an duine atá i gceist, seachas tosú go foirmeálta leis an bpróiseas gearáin. Is iad na cineálacha gearáin a d'fhéadfadh a bheith i gceist: eachtraí mí-iompair, bulaíocht, imeaglú, iompar nach bhfuil feiliúnach nó damáiste do mhaoin. Níl líomhain faoi mhí-úsáid leanaí san áireamh sa bpróiseas seo.

Ní féidir amscála a thabhairt maidir le haon chéim sa bpróiséas seo ach moltar go mbeidh an próiséas curtha i gcrích taobh istigh de thréimhse 3 mhí ar a mhéid.

**Céimeanna an Phróisis**

Céim a 1

Ba chóir don té atá ag tuairisciú líomhna an líomhain a chur i scríbhínn chuig Cathaoirleach, Rúnaí nó Oifigeach Cosaint Leanaí an Chumainn ar dtús. Ní ghlacfar le líomhain ó bhéal riamh. Tabharfaidh Rúnaí an Chumainn aitheantas gur fritheadh an tuairisc líomhna faoi mhí-iompar i scríbhinn.

Céim a 2

Cuirfidh Rúnaí an Chumainn an líomhain seo faoi bhráid Choiste Fiosrúcháin an Chumainn.

Céim a 3

Cuirfear an té a bhfuil líomhain curtha ina leith ar an eolas faoin ngearán atá déanta. (I gcás páiste, ba chóir na tuismitheoirí a chur ar an eolas.)

Céim a 4

Tabharfar deis freagartha don té a bhfuil líomhain curtha ina leith trí chuireadh chun cruinnithe a thairiscint nó deis a thabhairt don té sin freagra scríofa a thabhairt maidir leis an líomhain atá curtha ina leith.

Céim a 5

Moltar go gcasfadh an Coiste Fiosrúcháin le gach páirtí a bhaineann leis an líomhain ag tabhairt na gcearta agus na ndeiseanna céanna do na páirtithe uilig. Mura mbíonn comhoibriú ó aon pháirtí maidir leis an bpróiseas, ba chóir go mbeadh sé seo luaite i dtuairisc dheiridh an Choiste Fiosrúcháin. Fiú mura mbíonn comhoibriú ó pháirtí ar bith, léanfaidh an próiseas ar aghaidh.

Céim a 6

Ullmhóidh an Coiste Fiosrúcháin tuairisc scríofa a thaispeánann an gearán, an próiseas a leanadh, fianaise a bailíodh, conclúid agus moltaí.

Céim a 7
Tabharfaidh an Coiste Fiosrúcháin cóip den tuairisc seo do Rúnaí an Chumainn. Déanfar taifead den tuairisc seo sa gCumann. Coinneofar cóip den tuairisc seo sa gCumann ar feadh tréimhse 3 bliana. Tabharfar cóip do Rúnaí nua an Chumainn ag an gCruinniú Cinn Bhliana.

Céim a 8
Moltaí ón gCoiste Fiosrúcháin: Nuair atá sé dearbhaithe ag an gCoiste Fiosrúcháin gur tharla eachtra mí-iompair, ba chóir dóibh tuairisc a chur chuig Coiste an Chumainn. Ba chóir do Choiste an Chumainn na páirtithe éagsúla a chur ar an eolas ag an bpointe sin maidir leis an gcinneadh a rinne an Coiste Fiosrúcháin, agus, má tá sé ábharach, maille le haon ghníomhaíocht atá le cur i bhfeidhm.

**Achomharc:**
Tá cead achomhairc ag aon pháirtí leasmhar maidir le cinneadh an Choiste Fiosrúcháin, agus leanfar an gnáthphróiseas achomhairc a bhaineann le CLG.

I gcás páiste, ba chóir **gach comhfhreagrais a sheoladh chuig tuismitheoir**.

**Rúndacht**
Cloífear le rialacha an *Acht um Cosaint Sonraí 1998 & 2003 & 2018* sa bpróiseas agus ní roinnfear cóip de litreacha gearáin ná de chomhfhreagras le haon pháirtí nach bhfuil páirteach sa bpróiseas. Coinneofar gach comhfhreagras, tuairiscí, miontuairiscí agus torthaí go rúnda agus go sábháilte sa Chumann.